# Story 10
## – Irish version

Rua an t-ainm atá ar an mhadadh bheag seo.
Tá sé ina chónaí le gasúr beag darb ainm Ciarán.

Tá grá mór ag Ciarán do Rua.
Tugann sé aire mhaith dó.

Gach oíche, cuireann Ciarán Rua a luí ina theach beag féin agus druideann sé an geata
sula dtéann sé féin a luí.

Lá amháin, tagann bronntanas do Chiarán.

Ríomhaire atá ann!
Bíonn sé ar an ríomhaire nua
leathuair a chloig gach lá.

Gach lá, nuair a thagann Ciarán abhaile ón scoil,
bíonn Rua ag fanacht air. Ag tafann agus ag léim, ar bís le Ciarán a fheiceáil.

Ach anois, tá dearmad déanta ag Ciarán ar Rua.
Ritheann sé díreach isteach chuig an ríomhaire nua.

Níos moille, ag am luí,
tá Ciarán go fóill ag smaoineamh
ar an ríomhaire agus déanann sé
glan dearmad an geata a dhruidim.

Nuair a mhusclaíonn Ciarán ar maidin,
ní chluineann sé Rua ag tafann.


Tá Rua…

Ar shiúl!

Amharcann Mamó agus Ciarán i ngach áit.
Ach níl Rua le feiceáil in áit ar bith.
Agus scairteann siad beirt os ard:
"A Rua, a Rua, tar ar ais, a Rua!"

Cuidigí le Mamó agus Ciarán.

"A Rua, a Rua, tar ar ais a Rua!"




Ach go fóill, ní thagann Rua ar ais.

Tá sé ag éirí dorcha agus
tá Ciarán bocht croíbhriste.
"Amharcfaimid arís amárach," arsa Mamó.

Go tobann cluineann Ciarán fuaim,
agus ritheann sé ar aghaidh chuig a
theach féin,
ar nós na gaoithe.

Cad é a chluineann sé?
Rua! Ag tafann go sona sásta.
"Ní dhéanfaidh mé dearmad ort arís," arsa
Ciarán.



# Story 10
## – English version

This dog's name is Rua and he lives with a little boy called Ciarán.

Ciarán loves Rua.
He looks after him well.

Every night, Ciarán puts Rua into his kennel to sleep and closes the gate before going to bed himself.

One day, a present arrives for Ciarán.

It's a computer!

He can play on it for half an hour every day.

Every day, when Ciarán comes home from school,
Rua is waiting on him.
Barking and jumping, excited to see him.
But now, Ciarán has forgotten Rua,
he runs in to the new computer.

Later, when it's time to put Rua to bed,
Ciarán is still thinking about the computer
and he completely forgets to close the gate.
When he wakes up in the morning,
he doesn't hear Rua barking.

Rua is......

Gone!

Granny and Ciarán look everywhere.
But Rua is nowhere to be found.


Let's help Granny and Ciarán

"Rua, Rua, come back Rua!"

But still, Rua does not come back.

It's getting dark and Granny says
they can look again in the morning.
Ciarán is heartbroken.

Suddenly Ciarán hears a noise he recognises.
His heart jumps and he runs quickly to his house.



What does he hear?

Rua! Barking happily!

Ciarán says, “I will never forget you again.”

